



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14516/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0319 (NLE)

AVIATION 161
RELEX 1340
COLAC 127

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	15 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 549 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Pheiriú maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 549 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 549 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.10.2026
COM(2026) 549 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

**maidir le síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Pheiriú
maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí**

COMHAONTÚ
IDIR AN tAONTAS EORPACH
AGUS POBLACHT PHEIRIÚ
MAIDIR LE GNÉITHE ÁIRITHE D’AERSHEIRBHÍSÍ

TÁ AN tAONTAS EORPACH,

(dá ngairtear ‘an tAontas’ anseo feasta),

de pháirt, agus

POBLACHT PHEIRIÚ,

(dá ngairtear ‘Peiriú’ anseo feasta),

den pháirt eile,

(dá ngairtear ‘na Páirtithe’ anseo feasta),

AG TABHAIRT DÁ nAIRE gur tugadh i gcrích comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir roinnt Ballstát den Aontas agus Peiriú ina bhfuil forálacha atá contrártha le dlí an Aontais;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE go bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir le roinnt gnéithe a d’fhéadfaí a áireamh i gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir Ballstáit an Aontais agus tríú tíortha;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE go bhfuil sé de cheart ag aeriompróirí an Aontais Eorpaigh atá bunaithe i mBallstát den Aontas, faoi dhlí an Aontais, rochtain neamh-idirdhealaitheach a fháil ar aerbhealaí idir Ballstáit an Aontais agus tríú tíortha;

AG FÉACHAINT DO na comhaontuithe idir an tAontas agus tríú tíortha áirithe lena bhforáiltear go bhféadfadh náisiúnaigh na dtríú tíortha sin úinéireacht a fháil ar aeriompróirí arna gceadúnú i gcomhréir le dlí an Aontais;

AG AITHINT DÓIBH nach mór forálacha áirithe de na comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir Ballstáit an Aontais agus Peiriú, atá contrártha le dlí an Aontais, a thabhairt i gcomhréir leis d'fhonn bunús dlí fóna a bhunú le haghaidh na n-aersheirbhísí idir an tAontas agus Peiriú agus chun leanúnachas na n-aersheirbhísí sin a chaomhnú;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE nach bhféadfaidh aeriompróirí, i bprionsabal, comhaontuithe a thabhairt i gcrích faoi dhlí an Aontais a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don trádáil idir Ballstáit an Aontais agus arb é cuspóir nó éifeacht na gcomhaontuithe sin an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh;

AG AITHINT DÓIBH maidir le forálacha i gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí arna dtabhairt i gcrích idir Ballstáit an Aontais agus Peiriú, ar forálacha iad (i) lena gceanglaítear nó lena bhfabhraítear comhaontuithe idir gnóthais, cinntí ag comhlachais de ghnóthais nó cleachtais chomhbheartaithe a ghlacadh lena gcoisctear, lena saobhtar nó lena sriantar iomaíocht idir aeriompróirí ar na bealaí ábhartha; nó (ii) lena dtreisítear éifeachtaí aon chomhaontaithe, aon chinnidh nó aon chleachtais chomhbheartaithe den sórt sin; nó (iii) lena dtarmlichtear d'aeriompróirí nó d'oibreoirí eacnamaíocha príobháideacha eile an fhreagracht as bearta a dhéanamh a dhéanfaidh iomaíocht idir aeriompróirí ar na bealaí ábhartha a chosc, a shaobhadh nó a shrianadh, go bhféadfadh na forálacha sin na rialacha iomaíochta is infheidhme maidir le gnóthais a fhágáil neamhéifeachtach;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE nach cuspóir de chuid an Aontais é, mar chuid den chomhaontú seo, an méid iomlán aerthrachta idir an tAontas agus Peiriú a mhéadú, difear a dhéanamh don chothromaíocht idir aeriompróirí an Aontais Eorpaigh agus aeriompróirí Pheiriú, nó leasuithe a chaibidil ar fhorálacha na gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí a bhaineann le cearta tráchta,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

AIRTEAGAL 1

Forálacha ginearálta

1. Chun críocha an Chomhaontaithe seo, ciallóidh ‘Ballstáit’ Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh agus ciallóidh ‘Conarthaí an Aontais’ an Conradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.
2. Ciallóidh ‘Ballstáit CLAC’ Ballstáit Choimisiún Eitlíochta Sibhialta Mheiriceá Laidinigh.
3. Maidir le tagairtí i ngach ceann de na comhaontuithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1 do náisiúnaigh de chuid an Bhallstáit is páirtí sa chomhaontú sin, tuigfear gur tagairtí iad sin do náisiúnaigh de na Ballstáit.
4. Maidir le tagairtí i ngach ceann de na comhaontuithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1 d’aeriompróirí de chuid an Bhallstáit is páirtí sa chomhaontú sin, tuigfear gur tagairtí iad sin d’aeriompróirí arna n-ainmniú ag an mBallstát sin.

AIRTEAGAL 2

Ainmniúchán

1. Forshuífidh na forálacha i míreanna 2 agus 3 den Airteagal seo na forálacha comhfhreagracha sna hairteagail a liostaítear i bpointí (a) agus (b) d’Iarscríbhinn 2 faoi seach, maidir le hainmniú aeriompróra arna dhéanamh ag Ballstát lena mbaineann, maidir leis na húdaruithe agus na ceadanna arna ndeonú dó ag Peiriú, agus maidir le húdaruithe nó ceadanna an aeriompróra sin a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú, faoi seach.

2. Ar ainmniúchán ó Bhallstát agus iarratas ón aeriompróir ainmnithe a fháil, san fhoirm nó sa mhodh a fhorordaítear, deonóidh Peiriú, agus an mhoill is lú is féidir a bheith ar an nós imeachta, na húdaruithe agus na ceadanna iomchuí, ar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá an t-aeriompróir bunaithe, faoi Chonarthaí an Aontais, ar chríoch an Bhallstáit ainmniúcháin agus tá Ceadúnas Oibríochta bailí aige i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh;
 - (b) maidir leis an mBallstát atá freagrach as Deimhniú Aeroibreora an aeriompróra a eisiúint, feidhmíonn sé agus coinníonn sé ar bun rialú rialála éifeachtach ar an aeriompróir agus shainaithnítear go soiléir an t-údarás aerloingseoireachta ábhartha san ainmniúchán; agus
 - (c) tá an t-aeriompróir faoi úinéireacht, go díreach nó trí úinéireacht tromlaigh, agus faoi rialú éifeachtach Ballstát agus/nó náisiúnach de chuid Ballstáit, agus/nó Stát eile a liostaítear in Iarscríbhinn 3 agus/nó náisiúnach de chuid na Stát eile sin.
3. Féadfaidh Peiriú údaruithe nó ceadanna aeriompróra arna ainmniú ag Ballstát a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú sna cásanna seo a leanas:
 - (a) níl an t-aeriompróir bunaithe, faoi Chonarthaí an Aontais, ar chríoch an Bhallstáit ainmniúcháin nó níl Ceadúnas Oibríochta bailí aige i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh;
 - (b) maidir leis an mBallstát atá freagrach as Deimhniú Aeroibreora an aeriompróra a eisiúint, ní fheidhmíonn sé nó ní choinníonn sé ar bun rialú rialála éifeachtach ar an aeriompróir, nó ní shainaithnítear go soiléir an t-údarás aerloingseoireachta ábhartha san ainmniúchán; nó

- (c) níl an t-aeriompróir faoi úinéireacht, go díreach nó trí úinéireacht tromlaigh, ná faoi rialú éifeachtach Ballstát agus/nó náisiúnach de chuid Ballstát, agus/nó Stát eile a liostaítear in Iarscríbhinn 3 agus/nó náisiúnach de chuid na Stát eile sin.

Agus a ceart faoin mír seo á fheidhmiú aici, ní dhéanfaidh Peiriú idirdhealú idir aeriompróirí an Aontais Eorpaigh ar fhorais náisiúntachta.

4. Forshuífidh na forálacha i míreanna 5 agus 6 den Airteagal seo na forálacha comhfhreagracha sna hAirteagail a liostaítear in Iarscríbhinn 2(a) agus (b) faoi seach, maidir le hainmniú aeriompróra arna dhéanamh ag Peiriú, maidir lena údaruithe agus lena cheadanna arna ndeonú ag an mBallstát, agus maidir le húdaruithe nó ceadanna an aeriompróra sin a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú, faoi seach.
5. Ar ainmniúchán a fháil ó Pheiriú, deonóidh Ballstát, agus an mhoill is lú is féidir ar an nós imeachta, na húdaruithe agus na ceadanna iomchuí ar na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá an t-aeriompróir bunaithe, i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin, ar chríoch Pheiriú, a bhfuil an t-ainmniú á dhéanamh aige, agus tá Ceadúnas Oibríochta bailí aige i gcomhréir le dlí Pheiriú;
 - (b) is é Peiriú an Stát a eisíonn an Deimhniú Aeroibreora, agus a fheidhmíonn agus a choinníonn ar bun rialú rialála éifeachtach ar an aeriompróir, agus sainaitheann a údarás aerloingseoireachta go soiléir san ainmniúchán; agus
 - (c) tá an t-aeriompróir faoi úinéireacht agus faoi rialú éifeachtach, go díreach nó trí úinéireacht tromlaigh, Bhallstáit CLAC agus/nó náisiúnach Bhallstáit CLAC, mura rud é gur comhaontaíodh forálacha níos fabhraí sa chomhaontú déthaobhach maidir le haersheirbhísí idir an Ballstát sin agus Peiriú.
6. Féadfaidh Ballstát údarú nó ceadanna aeriompróra arna ainmniú ag Peiriú a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú sna cásanna seo a leanas:
 - (a) níl an t-aeriompróir bunaithe, i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin, ar chríoch Pheiriú, a bhfuil an t-ainmniú á dhéanamh aige, agus níl ceadúnas oibríochta bailí aige i gcomhréir le dlí Pheiriú;
 - (b) ní hé Peiriú an Stát a eisíonn an Deimhniú Aeroibreora, ná a fheidhmíonn agus a choinníonn ar bun rialú rialála éifeachtach ar an aeriompróir, agus ní shainaitheann a údarás aerloingseoireachta go soiléir san ainmniúchán; nó
 - (c) níl an t-aeriompróir faoi úinéireacht agus faoi rialú éifeachtach, go díreach nó trí úinéireacht tromlaigh, Bhallstáit CLAC agus/nó náisiúnach Bhallstáit CLAC, mura rud é gur comhaontaíodh forálacha níos fabhraí sa chomhaontú déthaobhach maidir le haersheirbhísí idir an Ballstát sin agus Peiriú.

AIRTEAGAL 3

Sábháilteacht

1. Comhlánóidh na forálacha i mír 2 den Airteagal seo na forálacha comhfhreagracha sna hairteagail a liostaítear i bpointe (c) d'Iarscríbhinn 2.
2. I gcás ina mbeidh aeriompróir ainmnithe ag Ballstát a ndéanann Ballstát eile a rialú rialála a fheidhmiú agus a chothabháil, beidh feidhm chomhionann ag cearta Pheiriú faoi fhorálacha sábháilteachta an chomhaontaithe idir an Ballstát a d'ainmnigh an t-aeriompróir agus Peiriú maidir le caighdeáin sábháilteachta a ghlacadh, a fheidhmiú nó a chothabháil ag an mBallstát eile sin agus maidir le húdarú oibríochta an aeriompróra sin.

AIRTEAGAL 4

Cánachas breosla eitlíochta

1. Comhlánóidh na forálacha i mír 2 den Airteagal seo na forálacha comhfhreagracha sna hairteagail a liostaítear i bpointe (d) d'Iarscríbhinn 2.
2. D'ainneoin aon fhoráil eile dá mhalairt, ní chuirfidh aon ní dá bhfuil in aon cheann de na comhaontuithe a liostaítear i bpointe (d) d'Iarscríbhinn 2 cosc ar Bhallstát cánacha, tobhaigh, dleachtanna, táillí ná muirir a fhorchur, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, ar bhreosla a sholáthrófar ina chríoch lena úsáid in aerárthaí aeriompróra ainmnithe de chuid Pheiriú a oibríonn idir pointe i gcríoch an Bhallstáit sin agus pointe eile i gcríoch an Bhallstáit sin nó i gcríoch Ballstáit eile.
3. D'ainneoin aon fhoráil eile dá mhalairt, ní chuirfidh aon ní dá bhfuil in aon cheann de na comhaontuithe a liostaítear i bpointe (d) d'Iarscríbhinn 2 cosc ar Pheiriú cánacha, tobhaigh, dleachtanna, táillí nó muirir a fhorchur, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, ar bhreosla a sholáthrófar ina chríoch lena úsáid in aerárthach de chuid iompróra ainmnithe Ballstáit a oibríonn idir dhá phointe i gcríoch Pheiriú.

AIRTEAGAL 5

Comhoiriúnacht le rialacha iomaíochta

1. Cuirfidh na Páirtithe a nDlíthe Iomaíochta féin i bhfeidhm.
2. D'ainneoin aon fhoráil eile dá mhalairt, ní cheanglóidh ná ní fhabhróidh aon ní in aon cheann de na comhaontuithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1 (i) go nglacfar comhaontuithe idir gnóthais, cinntí ag comhlachais de ghnóthais nó cleachtais chomhbheartaithe lena ndéantar iomaíocht a chosc, a shaobhadh nó a shrianadh; (ii) éifeachtaí aon chomhaontaithe, aon chinnidh nó aon chleachtais chomhbheartaithe den sórt sin a threisiú; nó (iii) an fhreagracht as bearta a dhéanamh a dhéanfadh iomaíocht a chosc, a shaobhadh nó a shrianadh a tharmligean chuig oibreoirí eacnamaíocha príobháideacha.
3. Ní chuirfear i bhfeidhm na forálacha atá sna comhaontuithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1 nach dtagann le mír 1 den Airteagal seo.

AIRTEAGAL 6

Iarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú

Is cuid dhílis den Chomhaontú seo iad na hIarscríbhinní a ghabhfaidh leis.

AIRTEAGAL 7

Athbhreithniú nó leasú

1. Féadfaidh na Páirtithe, tráth ar bith, an Comhaontú seo a athbhreithniú nó a leasú de chomhthoil.
2. Déanfaidh na Páirtithe faireachán agus athbhreithniú rialta ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo. Leis na hathbhreithnithe sin, déanfar measúnú go háirithe ar aon éifeacht dhiúltach gan choinne a bhaineann leis an gComhaontú, de réir mar a mheasann ceachtar den dá Pháirtí iad a bheith ann.
3. Má iarrann ceachtar Páirtí amhlaidh, reáchtálfaidh na Páirtithe comhairliúcháin chun freagairtí iomchuí ar éifeachtaí diúltacha gan choinne den sórt sin a phlé, agus ina dhiaidh sin féadfar an Comhaontú a athbhreithniú nó a leasú. Reáchtálfar na comhairliúcháin sin laistigh de 60 lá arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí.

AIRTEAGAL 8

Teacht i bhfeidhm

1. Seolfaidh gach Páirtí an fógra trí bhealaí taidhleoireachta chuig an bPáirtí eile, ar fógra é lena ndeimhneofar go bhfuil a nósanna imeachta inmheánacha is gá chun go dtiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm curtha i gcrích.
2. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis na míosa ar lena linn a bheidh an fógra deiridh dá bhforáiltear i mír 1 faighte.
3. Seolfar na fógraí dá bhforáiltear i mír 1 chuig Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus chuig Aireacht Gnóthaí Eachtracha Pheiriú nó chuig a gcomharbaí ábhartha.
4. Liostaítear in Iarscríbhinn 1, pointe (b) comhaontuithe agus socruithe eile idir Ballstáit agus Peiriú nach bhfuil tagtha i bhfeidhm fós ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo agus nach bhfuil á gcur i bhfeidhm go sealadach. Ar theacht i bhfeidhm don Chomhaontú seo, beidh feidhm aige maidir le gach comhaontú agus socrú den sórt sin a luaithe a thiocfaidh sé i bhfeidhm nó a chuirfear tús lena chur i bhfeidhm go sealadach.

AIRTEAGAL 9

Foirceannadh

1. Féadfaidh gach Páirtí fógra i scríbhinn a thabhairt tráth ar bith trí bhealaí taidhleoireachta faoina chinneadh an Comhaontú seo a fhoirceannadh. I gcás den sórt sin, tiocfaidh deireadh leis an

gComhaontú 6 mhí tar éis an dáta a gheobhaidh an Páirtí eile an fógra, ach amháin má tharraingítear siar an fógra maidir leis an bhfoirceannadh sula rachaidh an tréimhse sin in éag.

2. I gcás ina bhfoirceanntar comhaontú a liostaítear in Iarscríbhinn 1, scoirfidh forálacha an Chomhaontaithe seo d'fheidhm a bheith acu maidir leis an gcomhaontú sin ó dháta an fhoirceanta sin. Na tagairtí sa Chomhaontú seo don chomhaontú foirceanta, measfar iad a bheith ar neamhní ón dáta sin ar aghaidh
3. I gcás ina bhfoirceanntar na comhaontuithe uile a liostaítear in Iarscríbhinn 1, foirceannfar an Comhaontú seo ar dháta foirceanta an chomhaontaithe deiridh sin.

Arna dhéanamh in i ndúblach, an, ... sna teangacha seo a leanas: sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Danmhairgis, sa Chróitis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag gach ceann de na téacsanna sin.

Á FHIANÚ SIN, chuir na daoine thíos-sínithe, ar iad a bheith údaráithe go cuí, a lámh leis an gComhaontú seo.

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

Thar ceann Phoblacht Pheiriú

IARSCRÍBHINN 1

Liosta na gcomhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chomhaontú seo

(a) Comhaontuithe agus socruithe eile idir Peiriú agus Ballstáit atá, ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo, tagtha i bhfeidhm nó á gcur i bhfeidhm go sealadach, arna leasú:

- an Comhaontú Aeriompair Déthaobhach idir Rialtas Ríocht na Danmhairge agus Rialtas Phoblacht Pheiriú an 22 Meitheamh 1960, dá ngairtear ‘an Comhaontú idir Peiriú agus an Danmhairg’ anseo feasta in Iarscríbhinn 2;
- an Comhaontú Iompair idir Poblacht na Fraince agus Poblacht Pheiriú an 23 Aibreán 1959, dá ngairtear ‘an Comhaontú idir Peiriú agus an Fhrainc’ anseo feasta in Iarscríbhinn 2;
- an Comhaontú idir Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Poblacht Pheiriú maidir le haeriompar an 30 Aibreán 1962, dá ngairtear ‘an Comhaontú idir Peiriú agus an Ghearmáin’ anseo feasta in Iarscríbhinn 2;
- an Comhaontú maidir le hAeriompar idir Poblacht na Portaingéile agus Poblacht Pheiriú an 26 Feabhra 2019, dá ngairtear ‘an Comhaontú idir Peiriú agus an Phortaingéil’ anseo feasta in Iarscríbhinn 2;
- an Comhaontú idir Rialtas Ríocht na Spáinne agus Rialtas Phoblacht Pheiriú maidir le haersheirbhísí idir a gcríoch féin agus níos faide i gcéin an 31 Márta 1954, dá ngairtear ‘Comhaontú 1954 idir Peiriú agus an Spáinn’ anseo feasta in Iarscríbhinn 2;
- an Comhaontú Aeriompair Déthaobhach idir Rialtas Ríocht na Sualainne agus Rialtas Phoblacht Pheiriú an 14 Iúil 1960, dá ngairtear ‘an Comhaontú idir Peiriú agus an tSualainn’ anseo feasta in Iarscríbhinn 2;
- an Comhaontú Aeriompair Déthaobhach idir Rialtas Ríocht na hÍsiltíre agus Rialtas Phoblacht Pheiriú an 22 Meán Fómhair 1952, dá ngairtear ‘Comhaontú 1952 idir Peiriú agus an Ísiltír’ anseo feasta in Iarscríbhinn 2.

(b) Comhaontuithe agus socruithe eile idir Peiriú agus Ballstáit nach bhfuil tagtha i bhfeidhm fós ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo agus nach bhfuil á gcur i bhfeidhm go sealadach, arna leasú:

- an Comhaontú Aeriompair Déthaobhach idir Rialtas Ríocht na Beilge agus Rialtas Phoblacht Pheiriú an 29 Nollaig 1967, dá ngairtear ‘Comhaontú 1967 idir Peiriú agus an Bheilg’ anseo feasta in Iarscríbhinn 2;
- an Comhaontú idir Rialtas Ríocht na Beilge agus Rialtas Phoblacht Pheiriú an 28 Bealtaine 2009, dá ngairtear ‘Comhaontú 2009 idir Peiriú agus an Bheilg’ anseo feasta in Iarscríbhinn 2;
- an Comhaontú Aeriompair Déthaobhach idir Rialtas Dhaon-Phoblacht na hIodáile agus Rialtas Phoblacht Pheiriú an 17 Márta 1964, dá ngairtear ‘an Comhaontú idir Peiriú agus an Iodáil’ anseo feasta in Iarscríbhinn 2;
- an Comhaontú maidir le hAersheirbhísí idir Poblacht na Fionlainne agus Poblacht Pheiriú an 3 Feabhra 2023, dá ngairtear ‘an Comhaontú idir Peiriú agus an Fhionlainn’ anseo feasta in Iarscríbhinn 2;
- an Comhaontú idir Rialtas Ríocht na hÍsiltíre agus Rialtas Phoblacht Pheiriú, ar cuireadh inisealacha leis mar Iarscríbhinn B a ghabhann leis an Meabhrán Tuisceana an 27 Meitheamh 2001, dá ngairtear ‘Comhaontú 2001 idir Peiriú agus an Ísiltír’ anseo feasta in Iarscríbhinn 2;
- an Comhaontú Aeriompair idir Ríocht na Spáinne agus Poblacht Pheiriú, ar cuireadh inisealacha leis mar Iarscríbhinn II a ghabhann le Taifead Comhaontaithe an 6 Aibreán 2005, dá ngairtear ‘Comhaontú 2005 idir Peiriú agus an Spáinn’ anseo feasta in Iarscríbhinn 2;

Liosta na n-airteagal sna comhaontuithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1
agus dá dtagraítear in Airteagail 2 go 4 den Chomhaontú seo

(a) Ainmniú:

- Airteagal 3 de Chomhaontú 1967 idir Peiriú agus an Bheilg;
- Airteagal 3 de Chomhaontú 2009 idir Peiriú agus an Bheilg;
- Airteagal 3 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Danmhairg;
- Airteagal 3 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Fhionlainn;
- Airteagail 8 agus 9 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Fhrainc;
- Airteagal 3(4) den Chomhaontú idir Peiriú agus an Ghearmáin;
- Airteagal (3)1 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Iodáil;
- Airteagal 3 de Chomhaontú 2001 idir Peiriú agus an Ísiltír;
- Airteagal 3 de Chomhaontú 1952 idir Peiriú agus an Ísiltír;
- Airteagal 3 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Phortaingéil;
- Airteagal 4 de Chomhaontú 1954 idir Peiriú agus an Spáinn;
- Airteagal 3 de Chomhaontú 2005 idir Peiriú agus an Spáinn;
- Airteagal 3 den Chomhaontú idir Peiriú agus an tSualainn.

(b) Údaruithe nó ceadanna a dhiúltú, a chúlghairm, a chur ar fionraí nó a theorannú:

- Airteagal 5 de Chomhaontú 1967 idir Peiriú agus an Bheilg;
- Airteagal 5 de Chomhaontú 2009 idir Peiriú agus an Bheilg;
- Airteagal 7 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Danmhairg;
- Airteagal 4 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Fhionlainn;
- Airteagal 5 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Fhrainc;
- Airteagal 3(4) agus Airteagal 4(1) an dara habairt den Chomhaontú idir Peiriú agus an Ghearmáin;
- Airteagal 4(1) den Chomhaontú idir Peiriú agus an Iodáil;
- Airteagal 4 de Chomhaontú 2001 idir Peiriú agus an Ísiltír;
- Airteagal 7 de Chomhaontú 1952 idir Peiriú agus an Ísiltír;
- Airteagal 4 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Phortaingéil;
- Airteagal 11 de Chomhaontú 1954 idir Peiriú agus an Spáinn;

- Airteagal 4 de Chomhaontú 2005 idir Peiriú agus an Spáinn;
- Airteagal 7 den Chomhaontú idir Peiriú agus an tSualainn.

(c) Sábháilteacht:

- Airteagal 7 de Chomhaontú 2009 idir Peiriú agus an Bheilg;
- Airteagal 12 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Fhionlainn;
- Airteagal 15 de Chomhaontú 2001 idir Peiriú agus an Ísiltír;
- Airteagal 15 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Phortaingéil;
- Airteagal 12 de Chomhaontú 2005 idir Peiriú agus an Spáinn.

(d) Cánachas breosla eitlíochta:

- Airteagal 6 de Chomhaontú 1967 idir Peiriú agus an Bheilg;
- Airteagal 11 de Chomhaontú 2009 idir Peiriú agus an Bheilg;
- Airteagal 4 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Danmhairg;
- Airteagal 6 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Fhionlainn;
- Airteagal 2 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Fhrainc;
- Airteagal 6 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Ghearmáin;
- Airteagal 5 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Iodáil;
- Airteagal 10 de Chomhaontú 2001 idir Peiriú agus an Ísiltír;
- Airteagal 4 de Chomhaontú 1952 idir Peiriú agus an Ísiltír;
- Airteagal 6 den Chomhaontú idir Peiriú agus an Phortaingéil;
- Airteagal 5 de Chomhaontú 1954 idir Peiriú agus an Spáinn;
- Airteagal 5 de Chomhaontú 2005 idir Peiriú agus an Spáinn;
- Airteagal 4 den Chomhaontú idir Peiriú agus an tSualainn.

IARSCRÍBHINN 3

Liosta de na Stáit eile dá dtagraítear in Airteagal 2 den Chomhaontú seo

- (a) Poblacht na hÍoslainne (faoin gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);
 - (b) Prionsacht Lichtinstéin (faoin gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);
 - (c) Ríocht na hIorua (faoin gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch);
 - (d) Cónaidhm na hEilvéise (faoin gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le hAeriompar).
-